

**Aontas na Mac Léinn  
in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí**

# **Bunreacht & Sceidil**



**[www.citsu.ie](http://www.citsu.ie)**



# **Bunreacht & Sceidil Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí**

- 03 Brollach  
Saoráil Faisnéise  
Bunaíocht agus Ainm  
Aidhmeanna, Cuspóirí & Éiteas
- 04 Ballraíocht  
Ballraíocht Iomlán  
Ballraíocht Oinigh
- 05 Struchtúr  
Reifreann  
Cruinnithe Ghinearálta de chuid an Aontais
- 06 Cruinnithe Ghinearálta Éigeandála  
Comhairle an Aontais
- 07 An Feidhmeannas
- 11 Léiriú  
Cúiteamh  
Ballraíocht agus comhcheangal seachtrach  
Beartas  
Féinriail
- 12 Leasuithe  
Achtachán  
Airgeadas
- 14 SCEIDEAL A  
Buanorduithe do Chruinnithe an Aontais
- 17 SCEIDEAL B – Toghcháin  
Ginearálta  
Ainmniúcháin
- 18 Canbhasáil  
Toghchánaíocht  
Vótáil
- 19 Comhaireamh  
Casaoidí
- 20 Fo-thoghcháin  
Comhairle an Aontais



# Bunreacht & Sceidil Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

## Brollach:

Istigh anseo tá airteagail agus sceidil bhunreacht Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Gabhann an bunreacht seo a údarás ó chomhlacht mhic léinn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Áit a bhfuil Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí comhcheangailte le heagraíocht(aí) ar bith, ní cheanglóidh an comhcheangal sin an tAontas ach amháin sa mhéid is nach dtagtar salach ar fhorálacha an bhunreacht seo. Chúlghairtear leis seo sean-bhunreacht ar bith de chuid Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí nó de chuid Aontas na Mac Léinn i gColáiste Réigiúnach Teicniúil Chorcaí, ach ní neamhbhailítear nó ní fhágtar neamhoibritheach de bharr na cúlghairme seo, áfach, ballraíocht, toghcháin, ceapacháin nó polasaithe a feidhmíodh faoi sean-bhunreachtanna. Eagraíocht neamh-pholaitiúil is ea Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

## Saoráil Faisnéise:

Beidh comhalta ar bith i dteideal cóip den bhunreacht seo a iarraidh ó oifigeach lánaimeartha nó ó bhall foirne ar bith de chuid an Aontais, le linn uaireanta oifige.

Beidh rochtain oscailte ag comhalta ar bith ar leabhair mhiontuairiscí chruinnithe uile Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ag Oifig an Aontais, le linn uaireanta oifige ach é a chur in iúl dhá lá oibre roimh ré.

Caithfear leabhair mhiontuairiscí uile riarachán Aontas na Mac Léinn na bliana roimhe a thabhairt do na hoifigigh shabóideacha isteach.

## Bunaíocht agus Ainm:

- 1.1 Ní bheidh ach aon Aontas Mac Léinn amháin in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.
- 1.2 Is é an t-ainm a bheidh ar Aontas na Mac Léinn ná “Aontas na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí” (ar a nglaofar “An tAontas” ina dhiaidh seo).

## Aidhmeanna, Cuspóirí & Éiteas:

- 2.1 Feidhmeoidh An tAontas ar son a chomhaltaí agus cosnóidh sé iad i gcúrsaí a bhaineann lena gcearta agus lena leas mar mhic léinn de chuid na hInstitiúide agus mar shaoránaigh.
- 2.2 Gníomhóidh an tAontas mar chainéal cumarsáide idir a comhaltaí agus an Institiúid agus comhlachtaí eile.

Cothóidh an tAontas rannpháirtíocht na mac léinn, mar ghrúpa nó ina n-aonair, ina n-oidreachas agus ina leas féin, agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil maidir leo seo.

Cuirfidh an tAontas in aghaidh leithcheala ar bhonn inscne, aoise, claonta ghnéasaigh, cine, cumais, creidimh, stádaís socheacnamaíoch nó bunúis náisiúnta, a bhfuil tionchar díreach aige ar a chuid comhaltaí.

- 2.5 Beidh an tAontas freagrach do na mic léinn a bhfeidhmíonn sé ar a son.
- 2.6 Aithníonn an tAontas tábhacht na Gaeilge agus déanfaidh sé iarracht beartas dhá theangach a chothú, a fhorbairt agus a leanúint chomh fada agus atá sé praiticiúil.
- 2.7 Coinneoidh an tAontas aird ar fhorbairtí agus ar cheisteanna i réimse an oideachais ar mhaithe le foirmiú leanúnach beartas.
- 2.8 Chun cumarsáid a bhunú agus, chomh fada agus is féidir, a chothú le comhlachtaí eile mac léinn sa bhaile agus i gcéin.
- 2.9 Soláthróidh and forbróidh an tAontas seirbhísí sóisialta, áineasa, tráchtála, inmharthana, ardchaighdeáin chun freastal ar riachtanais a chuid comhaltaí, gan dearmad a dhéanamh ar a aidhmeanna, cuspóirí agus éiteas.

## **Ballraíocht:**

### **3.1 Ballraíocht Iomlán:**

Beidh mic léinn cláraithe uile na hInstitiúide, bídís lánaimseartha, páirtaim seartha, lá-scaoilte, nó bloc-scaoilte nó meascán ar bith díobh seo, ina gcomhaltaí iomlána cothroma den Aontas tar éis an táille a íoc mar a shonraíonn an tAontas gach bliain.

#### **Cearta:**

- Labhairt agus vótáil ag Cruinnithe Ghinearálta de chuid an Aontais.
- Seasamh i dtoghchán ag leibhéal ar bith.
- Leas a bhaint as seirbhísí agus as saoráidí an Aontais faoi réir srianta tríú duine.

### **3.2 Ballraíocht Oinigh:**

Tabharfar cuireadh do dhuine ar bith a mholann Comhairle an Aontais, agus a aontaíonn cruinniú ginearálta faoi, bheith ina c(h)omhalta oinigh den Aontas. Daoine a bhíodh ina gcomhaltaí d’Fheidhmeannas an Aontais, beidh siad ina gcomhaltaí oinigh den Aontas, de cheart.

## **Cearta:**

- Freastal agus labhairt ag Cruinnithe Ghinearálta de chuid an Aontais.
- Leas a bhain as seirbhísí agus as saoráidí an Aontais faoi réir srianta tríú duine.

## **Struchtúr:**

- 4.1 Déanfar bainistíocht ar ghnóthaí an Aontais ar cheithre leibhéal.
- 4.1.1 Reifreann
- 4.1.2 Cruinniú Ginearálta de chuid an Aontais
- 4.1.3 Comhairle an Aontais
- 4.1.4 Feidhmeannas an Aontais

## **Reifreann:**

- 5.1 Is féidir reifreann a chur ar siúl faoi cheist ar bith trí:
  - 5.1.1 Cruinniú Ginearálta
  - 5.1.2 Comhairle an Aontais
  - 5.1.3 500 Comhalta den Aontas
- 5.2 Mura ndeirtear a mhalaire sa bhunreacht seo, déanfar gach reifreann a réiteach trí thromlach simplí.
- 5.3 Tá córam de 10% de bhallraíocht an Aontais ag teastáil chun reifreann a bheith bailí.
- 5.4 Déanfaidh reifrinn gach comhlacht de chuid an Aontais a cheangal.
- 5.5 Ní thionólfar reifrinn níos lú ná dhá sheachtain de théarma acadúil ná níos mó ná ceithre sheachtain de théarma acadúil tar éis iad a fhógairt.
- 5.6 Caithfear gach tairiscint a chur ar Phríomhchlár Fógraí an Aontais cúig lá oibre ar a laghad roimh an reifreann. I gcás leasuithe bhunreachtúla, caithfear an buntéacs agus an leasú molta a chur ar Phríomhchlár Fógraí an Aontais cúig lá oibre ar a laghad roimh an reifreann.

## **Cruinnithe Ghinearálta de chuid an Aontais:**

- 6.1 Is é an Cruinniú Ginearálta den Aontas ard-chomhlacht rialaithe an Aontais.
- 6.2 Is féidir leo seo Cruinnithe Ghinearálta de chuid an Aontais a ghlaoch:
  - 6.2.1 An tUachtarán
  - 6.2.2 Feidhmeannas an Aontais
  - 6.2.3 Comhairle an Aontais
  - 6.2.4 200 Comhalta den Aontas

6.3 Is é an córam do chruinnithe ghinearálta ná 5% de Bhallraíocht an Aontais nó 300 Comhalta den Aontas, pé acu is lú.

Beidh cruinnithe de réir córaim. I gcás dúshláin rathúil, a chruthaíonn nach bhfuil an cruinniú de réir córaim, measfar an uile ghnó atá fágtha a bheith caillte.

6.4 Tionólfar U.G.M.anna uair sa mhí le linn na bliana acadúla, ar a laghad.

6.5 Caithfear fógra cúig lá oibre ar a laghad a thabhairt chun U.G.M a thionól.

6.6 Déanfar gach Cruinniú Ginearálta a rith de réir buanorduithe Sceidil A; féadtar na buanorduithe sin a chur ar fionraí le tromlach dhá thrian díobh siúd atá i láthair agus cáilithe chun vótála.

### **Cruinnithe Ghinearálta Éigeandála:**

6.7 Féadtar E.G.Manna a ghlaoch sa tslí chéanna le U.G.Manna ach amháin nach gá ach fógra aon lae oibre amháin i gcás E.G.M.

6.8 Ní phléifidh cruinniú dá leithéid ach an gnó dá nglaoth é, a chaithefear a shonrú san iarratas scríofa.

### **Comhairle an Aontais:**

7.1 Beidh comhlacht ionadaíochta ann a chinnteoidh beartas an Aontais agus a thabharfaidh údarás d'fheidhmeannas an Aontais faoi réir cinnidh de Chruinniú Ginearálta an Aontais agus de Reifrinn. Glaofar Comhairle an Aontais ar an gcomhlacht seo, agus cruinneoidh sé uair sa choicís, ar a laghad, le linn na bliana acadúla.

7.2 Is é a bheidh i gComhairle an Aontais ná Feidhmeannas an Aontais agus ionadaithe tofa an uile ranga chláráithe san Institiúid.

7.3 Is féidir le haon cheann acu seo cruinniú de Chomhairle an Aontais a ghlaoch:

7.3.1 An tUachtarán

7.3.2 An Feidhmeannas

7.3.3 Aon Trian de Chomhaltaí an Chomhairle

7.4 Caithfear fógra trí lá oibre ar a laghad a thabhairt i gcomhair an uile chruinnithe den chomhairle.

7.5 Caithfear tairiscintí atá le plé ag cruinnithe den chomhairle a chur i scríbhinn chuig an Uachtarán dhá lá oibre roimh na cruinnithe a bheith ar siúl.

- 7.6 Mórbheartas ar bith a thionscnaíonn nó a athraíonn an feidhmeannas, caithfidh An Comhairle é a fhaomhadh.
- 7.7 Maidir le comhaltaí ar bith den chomhairle, ach amháin iad siúd atá ina gcomhaltaí den fheidhmeannas fosta, is féidir le cruinniú dá rang atá de réir córaim iad a bhriseadh as oifig. Caithfear fógra faoin a leithéid de chruinniú ranga a thabhairt i scríbhinn don chomhalta comhairle atá i gceist, trí lá oibre ar a laghad roimh an chruinniú a bheith ar siúl. Beidh oifigeach sabóideach den Aontas sa chathaoir do chruinniú dá leithéid.
- 7.7.1 Is é an córam do chruinniú ranga ná 60% de mhic léinn cláraithe an ranga sin.
- 7.8 Comhaltaí Comhairle a bhíonn as láthair ó níos mó ná 40% de Chruinnithe an Chomhairle in aon téarma ar bith, measfar go huathoibríoch gur éiríodar as a bpost.
- 7.9 Comhalta Comhairle a bhíonn as láthair ó thrí Chruinniú Comhairle i ndiaidh a chéile gan fógra, measfar go huathoibríoch gur éirigh sé/sí as a p(h)ost.
- 7.10 Toghfaidh An Comhairle Cathaoirleach óna bhballraíocht féin de réir sceidil toghchán an bhunreacht seo. Níl comhaltaí den fheidhmeannas cáilithe chun bheith tofa do na poist seo.
- 7.11 Tá cruinnithe comhairle faoi réir na mbuanorduithe céanna agus atá cruinnithe ginearálta, agus seasann na gnásanna céanna maidir le buanorduithe a chur ar fionraí.

## **An Feidhmeannas:**

- 8.1 Toghfaidh comhaltaí an Aontais feidhmeannas trí cheart ginearálta vótála de réir sceidil toghchán an bhunreacht seo.
- 8.2 Beidh an feidhmeannas freagrach as beartas an Aontais a bhunú, faoi réir Chomhairle an Aontais, Cruinnithe Ghinearálta agus Reifrinn.
- 8.3 Is é a bheidh san bhfeidhmeannas ná na poist seo a leanas:
- 8.3.1 Uachtarán (Sabóideach)
- 8.3.2 Leasuachtarán Oideachais (Sabóideach)
- 8.3.3 Leasuachtarán Leasa (Sabóideach)
- 8.3.4 Cumarsáid (Neamhshabóideach)
- 8.3.5 Siamsaíocht (Neamhshabóideach)
- 8.3.6 Tionscadail (Neamhshabóideach)
- 8.4 Níl cead ag comhalta ar bith den fheidhmeannas aon phost tofa eile san Aontas a bheith aige/aici.



- 8.5 Beidh sé de dhualgas ar gach oifigeach feidhmeannais tuarascáil scríofa oifigh a chur i láthair ag gach Cruinniú Ginearálta. Caithfidh an tuarascáil seo a bheith ar fáil ag comhalta ar bith den Aontas a iarrann í, ach é a chur in iúl dhá lá oibre roimh ré.
- 8.6 Cruinneoidh an feidhmeannas uair sa tseachtain ar a laghad le linn an téarma.
- 8.7 Is é an córam do gach cruinniú feidhmeannais ná 50%+1.
- 8.8 Caithfidh gach tairiscint lena ghlacann an feidhmeannas an duine/na daoine a ainmniú a bheidh freagrach as a cur i bhfeidhm.
- 8.9 Poist lánaimseartha shabóideacha a bheidh ag an Uachtarán, an Leasuachtarán Oideachais agus an Leasuachtarán Leasa, agus beidh tuarastal ag gabháil leo. Beidh an tuarastal seo comhionann leis an gcéad pointe ar scála caighdeánach an oifigh cléireachais. Ní chuirfear incrimint leis seo má fhostaítear oifigeach ar feadh níos mó ná bliain amháin i bpost sabóideach ar bith.
- 8.10 Tosóidh téarma oifige na n-oifigeach sabóideach ar 1ú Meitheamh, agus críochnóidh sé 31ú Bealtaine dár gcionn.
- 8.11 Caithfidh gach iarrthóir le haghaidh poist feidhmeannais ar bith a bheith ina c(h)omhalta iomlán den Aontas, aimsir an toghcháin. Coinnítear oifigí ar feadh bliana, agus ní féidir le duine ar bith oifig ar bith a choinneáil ar feadh níos mó ná dhá bhliain ar fad
- 8.12 Déanfaidh na hOifigh Shabóideacha dearcadh Chomhaltaí an Aontais a chur in iúl, mar atá sé léirithe ag an bhFeidhmeannas, ag Comhairle an Aontais, ag Cruinniú Ginearálta de chuid an Aontais agus ag Reifrinn.
- 8.13 Glacfaidh na hoifigh shabóideacha comhfhreagracht as gnáthfheidhmean na an Aontais.
- 8.14 Leithdháilfidh an t-uachtarán réimsí cumais do na hoifigh shabóideacha ag tús gach bliana, tar éis comhairliúcháin leis na leasuachtaráin.
- 8.15 Beidh ballraíocht iomlán ag an uachtarán agus is é/í a bheidh mar phríomhurlabhraí agus mar phríomhoifigeach feidhmeannais ag an Aontas agus mar chomhordaitheoir ar ghníomhaíochtaí uile an Aontais.
- Beidh sé/sí ina p(h)ríomhionadaí ag na mic léinn agus beidh cúig príomhréimse freagrachta aige/aici: airgeadas, ionadaíocht, eagrúchán. maoirseacht agus treorú beartas.

Nuair a thosaíonn a t(h)éarma oifige, rachaidh sé/sí i mbun oifige go huathoibríoch ar Bhord Rialaithe na hInstitiúide, agus measfar go bhfuil an tUachtarán amach tar éis éirí as Bord Rialaithe na hInstitiúide.

Beidh sainfhreagracht air/uirthi as idirchaidreamh agus comhcheangal le suíomhanna de chuid na hInstitiúide nach bhfuil lonnaithe ar champas Bhaile an Easpaig.

8.16 Beidh ballraíocht iomlán den Aontas ag an Leasuachtarán Oideachais.

Ó am go chéile gníomhóidh sé/sí thar ceann agus ar son an Uachtaráin má bhíonn an tUachtarán as láthair, agus ar iarratas uaidh/uaithi.

Beidh sé/sí freagrach as beartais oideachais an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, faoi threoir ghinearálta Chomhairle an Aontais, Cruinnithe Ghinearálta agus Reifrinn

Gabhfaidh sé/sí i gceann taighde, suirbhéanna etc. a chuirfidh le forbairt bheartais oideachais ar bhonn áitiúil agus náisiúnta.

Beidh sé/sí freagrach as eolas ar ghairmeacha beatha a sholáthar.

8.17 Beidh ballraíocht iomlán den Aontas ag an Leasuachtarán Leasa. Ó am go chéile gníomhóidh sé/sí thar ceann agus ar son an Uachtaráin má bhíonn an tUachtarán as láthair, agus ar iarratas uaidh/uaithi.

Beidh taithí aige/aici ar na cúrsaí Leasa a bhaineann leis an uile chomhalta, agus feidhmeoidh sé/sí ar mhaithe leo i gcúrsaí a bhaineann lena leas.

Beidh sé/sí mar phríomhchomhordaitheoir ar Chlár um Fheasacht Leasa ar feadh a t(h)éarma oifige.

8.18 Cabhróidh an t-Oifigeach Cumarsáide le beartas faisnéise agus cumarsáide an Aontais a fhorbairt. Beidh taithí aige/aici ar na beartais cumarsáide go léir. Beidh taithí aige/aici ar na meáin chumarsáide go léir atá ar fáil aige/aici, agus bainfidh sé/sí an méid leasa agus is féidir astu.

Coimeádfaidh sé/sí ballraíocht an Aontais ar an eolas trí Fhoilseachán rialta de chuid an Aontais a sholáthar.

Gníomhóidh sé/sí mar thionólaí an bhoird eagarthóireachta. Cinnteoidh an bord seo nach mbíonn Foilseacháin an Aontais maslach nó tarcaisneach d'aon chuid de bhallraíocht an Aontais nó don tsochaí ina hiomláine.

- 8.19 Tá an tOifigeach Siamsaíochta freagrach as siamsaíocht agus gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha eile a sholáthar do chomhaltaí an Aontais, i gcomhar leis na hoifigigh shabóideacha agus le foireann an Aontais.
- Déanfaidh sé/sí iarracht freastal ar an uile shaghas dúile sa tsiamsaíocht.
- 8.20 An príomhról a bheidh ag an Oifigeach Tionscadal ná mar thacaíocht do na hoifigigh shabóideacha maidir le feachtais, forbairt an Aontais, agus tion scadail.
- 8.21 Ní féidir oifigeach sabóideach a bhriseadh as oifig ach le tromlach dhá thrian de vótaí i reifreann.
- 8.22 Sa chás go n-éiríonn nó go mbristear an tUachtarán as oifig, toghfaidh an feidhmeannas An Leasuachtarán Oideachais nó An Leasuachtarán Leasa, chun an folúntas a líonadh. Beidh fo-thoghchán ann láithreach don fholúntas i gcomhair Leasuachtaráin, de réir an sceidil toghchán.
- 8.23 Sa chás go n-éiríonn nó go mbristear an Leasuachtarán Oideachais as oifig, beidh fo-thoghchán ann láithreach don fholúntas i gcomhair Leasuachtaráin Oideachais, de réir an sceidil toghchán.
- 8.24 Sa chás go n-éiríonn nó go mbristear an Leasuachtarán Leasa as oifig, beidh fo-thoghchán ann láithreach don fholúntas i gcomhair Leasuachtaráin Leasa, de réir an sceidil toghchán.
- 8.25 Sa chás go n-éiríonn nó go mbristear an uile oifigeach sabóideach as oifig, beidh fo-thoghchán ann láithreach don uile fholúntas, de réir an sceidil toghchán.
- 8.26 Is féidir oifigeach neamshabóideach feidhmeannais a bhriseadh as oifig le tromlach dhá thrian de vótaí Chomhairle an Aontais nó Cruinniú Ghinearálta.
- 8.27 Sa chás go n-éiríonn nó go mbristear oifigeach neamshabóideach as oifig, beidh fo-thoghchán ann de réir an sceidil toghchán.
- 8.28 Má éiríonn oifigeach feidhmeannais as, ní rachaidh sé seo i bhfeidhm go dtí go gcuirtear in iúl é d'Fheidhmeannas an Aontais i litir.
- 8.29 D'fhéadfadh oifigigh láithreáin a bheith ag teastáil ó am go chéile ar champais eile seachas Baile an Easpaig. Déanfar iad a thoghadh de réir an sceidil toghchán ón mballraíocht ar an láithreán sin. Beidh sé de cheart acu bheith i láthair ag an bhfeidhmeannas, le cead labhartha ach gan cead vótála. Ní lúide freagracht na n-oifigeach eile do na comhaltaí ar an gcampas sin a leithéid d'oifigeach a bheith ann.

## **Léiriú:**

- 9.1 I gcás aighnis faoin mhíniú de chuid ar bith den bhunreacht seo, ach amháin Sceideal B, larrfar breith ón Uachtarán. I gcás dúshláin do bhreith an Uachtaráin, seasfaidh cinneadh an Chrinniú Ghinearálta.

## **Cúiteamh:**

- 10.1 Beidh gach oifigeach, duine ceaptha agus ball foirne i dteideal cúitimh ó acmhainní an Aontais i gcoinne cailliúna nó dliteanais ar bith a fhéadfadh a bhaint dó/di, nuair atá dualgais a (h)oifige á gcomhlíonadh aige/aici nó i slí eile atá bainteach léi; agus ní bheidh oifigeach, duine ceaptha nó ball foirne ar bith freagrach as cailliúint, damáiste nó mí-ádh ar bith a fhéadfadh a tharlú don Aontas, nuair atá dualgais a (h)oifige á gcomhlíonadh aige/aici nó i slí eile atá bainteach léi. Fad agus nach n-athraíonn rud ar bith sa chlásal seo a d(h)líteanas maidir leis na torthaí ar fhaillí nó ar chalaos ar bith dá c(h)uid.

## **Ballraíocht agus comhcheangal seachtrach:**

- 11.1 Déanfaidh an tAontas comhcheangal gach bliain le heagraíochtaí seachtra cha nuair a chreideann sé go bhfuil a leithéid de bhallraíocht tairbheach do bhallraíocht an Aontais, agus nuair nach dtagann aidhmeanna, cuspóirí agus éiteas na heagraíochta sin trasna ar aidhmeanna, cuspóirí agus éiteas an Aontais féin.
- 11.2 De ghnáth is féidir le cruinniú ginearálta atá faoi réir córaim a leithéid de bhallraíocht a fhaomhadh; caithfear an bhallraíocht seo a dheimhniú i reifreann, ámh, má iarrann aon cheann díobh seo é:
- 11.2.1 An tUachtarán
  - 11.2.2 Feidhmeannas an Aontais
  - 11.2.3 Comhairle an Aontais
  - 11.2.4 500 Comhalta den Aontas
  - 11.2.5 Cruinniú Ginearálta den Aontas

## **Beartas:**

- 12.1 Rachaidh an uile bheartas a d'fhéidhmigh an tAontas i léig i ndiaidh tréimhse cúig bliana, mura ndéantar an beartas a athdheimhniú.

## **Féinriail:**

- 13.1 Eagraíocht uathrialach is ea an tAontas, agus ní bheidh sé comhcheangailte le heagraíocht ar bith dá bhféadfadh coinníollacha ballraíochta na heagraíochta sin cur isteach ar fhéinriail an Aontais.

## **Leasuithe:**

- 14.1 An t-aon chomhlacht um leasuithe ar an mbunreacht agus ar na sceidil seo ná trí Reifreann faoi réir alt a cúig thuas.

## **Achtachán:**

- 15.1 Tagann an bhunreacht seo i bhfeidhm ar 3ú Feabhra 2005

## **Airgeadas:**

- 16.1 Beidh na hoifigigh shabóideacha freagrach as leithdháileadh agus rialú chistí uile an Aontais i gcomhairliúchán le Bainisteoir Ginearálta an Aontais (Beidh Bainisteoir Ginearálta an Aontais fostaithe ar thuarastal ag an Aontas).  
Caithfidh siad a bheith toilteanach a gcinntí a mhíniú don bhallraíocht.
- 16.2 Beidh Bainisteoir Ginearálta an Aontais freagrach don Aontas as cuntais a choimeád, agus déanfaidh sé/sí maoirseacht ar chúrsaí airgeadais uile an Aontais.
- 16.3 Mairfidh an bhliain airgeadais ó 1ú Meitheamh go dtí 31ú Bealtaine gach bliain.
- 16.4 Tríd an Uachtarán, tarraingeoidh an tAontas agus tarraingeoidh Bainisteoir Ginearálta an Aontais oibleagáidí conarthacha ar an Aontas, ag leanúint aidhmeanna agus cuspóirí bheartas an Aontais.
- 16.5 Déanfaidh iniúchóir seachtrach cáilithe cuntais an Aontais a iniúchadh; ceapfar an t-iniúchóir úd ag an A.G.M. gach bliain.
- 16.6 Beidh an tAontas i seilbh cuntas bainc in ainm an Aontais. De ghnáth déanfaidh Bainisteoir Ginearálta an Aontais agus duine de na hoifigigh seo a leanas seiceanna a shíniú.
- 16.6.1 An tUachtarán
- 16.6.2 An Leasuachtarán Oideachais
- 16.6.3 An Leasuachtarán Leasa
- 16.7 Beidh Bainisteoir Ginearálta an Aontais freagrach as oibriú chuntais eagsúla an Aontais, faoi threoir ghinearálta fheidhmeannas an Aontais. Cuirfidh Bainisteoir Ginearálta an Aontais tuarascálacha airgeadais faoi bhráid an Fheidhmeannais ar bhonn rialta.
- 16.8 Ní ghlacann an tAontas freagracht ar bith as rótharraingt nó as fiacha a tharraingíonn clubanna, cumainn nó daoine aonaracha ceangailte nó i bpáirt leis an Aontas orthu féin.
- 16.9 Beidh Iniúchóir an Aontais i gcomhar le Bainisteoir Ginearálta an Aontais

freagrah as ullmhú na gcuntas bliaintiúil a bhaineann le gníomhaíochtaí Aontas na Mac Léinn; is iad a bheidh a gceist ar a laghad ná Clár Comhardaithe, Cuntas Brabúis agus Caillteanais, Ráiteas um Fhoinsé agus um Úsáid Cistí, agus Nótaí Tacaíochta ar na Cuntais chomh maith le figiúirí comparáideacha ó chuntais sheisiún roimhe, le chur i láthair ag an A.G.M.

- 16.10 Cuirfidh Bainisteoir Ginearálta an Aontais, i gcomhairliúchán leis an bhFeidhmeannas, i láthair ag an A.G.M. sceideal de nósanna imeachta agus de rialtáin an Aontais, le bheith glactha mar bheartas de réir sceidil 12.1, a bhfuil sé mar aidhm aige sócmhainní an Aontais a chosaint agus freagracht a chinntiú.
- 16.11 Déanfaidh an tAontas, a mhéid agus is féidir, soláthairtí airgeadais chun leanúnachas seirbhíse sna blianta amach anseo a chinntiú

# SCEIDEAL A

## Buanorduithe do Chruinnithe an Aontais:

1. Beidh buanorduithe i bhfeidhm ag gach cruinniú de chuid an Aontais.
2. Níl cead labhartha agus cead vótála ag Cruinnithe Ginearálta ach ag comhaltaí iomlána den Aontas. Tá cead labhartha ag comhaltaí oinigh. Níl cead vótála ag cruinnithe chomhairle an aontais ach ag comhaltaí den chomhairle; tá cead labhartha ag an uile chomhalta ag na cruinnithe seo ámh.
3. Beidh an Leasuachtarán Oideachais freagrach as miontuairiscí den uile chruinniú a chur ar fáil.
4. Is é an tUachtarán a thionólfaidh gach Cruinniú Ginearálta – Gnách, Urghnách agus Bliantiúil – de réir an bhunreacht. Is é cathaoirleach an chomhairle a thionólfaidh gach cruinniú de chuid Chomhairle an Aontais.
5. Déanfar gnó na gcruinnithe san ord seo a leanas.
  - (i) Miontuairiscí den chruinniú roimhe.
  - (ii) Nithe ag éirí as.
  - (iii) Tuarascálacha, ráitis agus tairiscintí.
  - (iv) Gnó ar bith eile.
6. Is é Uachtarán an Aontais a bheidh sa chathaoir ag Cruinnithe Ginearálta. Má tá sé/sí as láthair nó má thugann sé/sí suas an chathaoir, tógfaidh duine de na Leasuachtaráin í. Tógfaidh Cathaoirleach an Chomhairle an chathaoir ag cruinnithe Chomhairle an Aontais. Má tá sé/sí as láthair, ceapfar cathaoirleach sealadach ón urlár. Ní féidir leis an gcathaoirleach sealadach seo a bheith ina c(h)omhalta den fheidhmeannas.
7. Beidh an Cathaoirleach freagrach as smacht a choinneáil ar an gcruinniú. Ní ghlacfaidh sé/sí páirt ar bith eile i ndiospóireacht. Nuair a labhraíonn an Cathaoirleach, beidh na comhaltaí eile go léir ina dtost.
8. Maidir le Comhaltaí ar mian leo labhairt, éireoidh siad agus labharfaidh siad leis an gcathaoir. Socróidh an Cathaoirleach an t-ord ina bhfuil cead labhartha ag daoine. Cinnteoidh sé/sí, uair ar bith atá sé practiciúil, go labhraíonn cainteoirí i bhfábhair agus i gcoinne na ceiste idir lámha leis an gcruinniú gach re seach.
9. Ní bheidh cead ag comhalta ar bith labhairt níos mó ná uair amháin ar an dtairiscint chéanna ach le cead sainráite an chruinniú nó chun ceist a

fhreagairt ar thuarascáil nó mar atá curtha in iúl i mbuanorduithe 13 agus 24.

Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta iomlán. Beidh aon vóta amháin ag an gCathaoirleach agus ní úsáidfídh sé/sí é ach sa chás go mbíonn an dá thaobh ar cothrom.

11. Ní ghlacfar le vótaí ar bith ar son duine ar bith nach bhfuil i láthair.
12. Beidh moltóir agus cuiditheoir i gcás gach tairisceana. Seolfaidh an moltóir an tairiscint, agus ina dhiaidh sin beidh cead ag daoine í a phlé agus ní féidir í a tharraing siar ach le cead an chruinniú.
13. Beidh an ceart ag moltóir tairisceana ar bith coimriú a dhéanamh ar an díospóireacht díreach sula ndéantar an vótáil.
14. Ní bheidh eolas nua nó pointí nua eolais ar bith san óráid choimrithe.
15. Ní féidir tairiscintí éigeandála a sheoladh ach amháin má bhaineann siad le cúrsaí a tháinig chun solais tar éis dháta curtha isteach na dtairiscintí, agus má tá tromlach dhá thrian de vótaí i bhfábhar an tairiscint a phlé. Ní féidir tairiscintí éigeandála a phlé ach amháin má tá gach tairiscint a cuireadh isteach i gceart pléite.
16. Mura mbíonn aon phlé, tig leis an gCathaoirleach a fhiafraí an mbeidh a thuilleadh óráidí ann; agus mura mbeidh, cuirfidh sé an tairiscint ar vóta.
17. Ní bheidh ach aon tairiscint nó aon leasú amháin os comhair an chruinniú am ar bith. Molfar an chéad leasú ar thairiscint díreach i ndiaidh an tairiscint a bheith molta.
18. Beidh an ceart ag moltóir an leasaithe coimriú a dhéanamh sula gcuirtear ar vóta é.
19. Sa chás go n-éiríonn le leasú ar bith nár ghlac moltóir na buntairisceana leis, is í an tairiscint leasaithe a bheidh mar thairiscint shubstainteach ansan, agus is é/í moltóir an leasaithe a bheidh mar choinneálaí na tairisceana substaintí sin.
20. Nuair atá na leasuithe uile curtha ar vóta, déanfar an tairiscint shubstainteach a phlé.
21. Is féidir na tairiscintí cleachtais seo a leanas a sheoladh:
  - (i) Vóta um easpa muiníne as an gCathaoirleach.
  - (ii) Dúshlán do bhreith an Chathaoirligh.
  - (iii) Go gcuirfean an tairiscint ar vóta anois.



- (iv) Nach gcuirfear an tairiscint ar vóta.
- (v) Go gcuirfear na buanorduithe ar fionraí go sealadach.
- (vi) Go gcuirfear an cruinniú ar atráth go sealadach ar feadh tréimhse sainithe.
- (vii) Go ndéanfar an t-ábhar a phlé ach nach gcuirfear ar vóta é.
- (viii) Go ndéanfar an tairiscint a chur ar aghaidh go dtí an Coiste/Fo-choiste cuí de chuid an Aontais.
- (ix) Go gcuirfear an tairiscint siar i gcomhair imscrúdaithe nó athscrúdaithe.
- (x) Go gcuirfear an cruinniú ar atráth.
- (xi) Go gcuirfear an tairiscint ar vóta i gcodanna.

22. Beidh moltóir agus cuiditheoir i gcás gach tairisceana cleachtais.
23. Déanfar tairiscintí cleachtais a phlé san ord tosaíochta i mBuanordú 21.
24. Ba chóir tairiscintí cleachtais (i), (ii), (iii), (iv), (v), (vi) and (x) a sheoladh ar phointe ordaithe. Tig le comhaltaí a dtugann an Cathaoirleach cuireadh labhartha dóibh tairiscintí cleachtais eile a sheoladh.
25. Má chuirtear tairiscint chleachtais (i) nó (ii), tabharfaidh an Cathaoirleach an Chathaoir do chomhalta eile den Fheidhmeannas. Cuirfidh an moltóir a c(h)ás, freagróidh an duine a d'fhág an Cathaoir agus cuirfear an cás ar vóta gan mhoill. Sa chás go n-éiríonn le tairiscint chleachtais (i), ní ghlacfaidh sé/sí an Chathaoir ar ais le linn an chrinniú.
26. Má chuirtear tairiscint cleachtais (iv) nó (xi), cuirfidh an cruinniú an tairiscint chleachtais ar vóta gan mhoill. Má éiríonn leis, déanfaidh an té a sheol an tairiscint atá á plé coimriú gan mhoill.
27. Tig le comhalta iomlán ar bith pointí eolais a ardú má thugann an cainteoir a bhfuil an t-urlár aige/aice le fios go bhfuil sé ar intinn aige/aici géilleadh.
28. Tig le comhalta iomlán ar bith pointí ordaithe a ardú - a thógann tús áite ar ghnó ar bith eile, agus nach ndéanfar plé ar bith orthu.
29. Tromlach simplí a bheidh ag teastáil do thairiscint ach nuair a shonraítear a mhalairt sa Bhunrecht seo.
30. Má chuirtear buanorduithe ar fionraí, ní leanfaidh sé seo ach fad agus a bhíonn an t-ábhar dá phlé.
31. Sa chás go dtagann nithe chun tosaigh nach mbaineann na buanorduithe leo, tabharfaidh an Cathaoirleach a b(h)reith ar an nós imeachta a fheidhmítear. Is féidir dúshlán a thabhairt don bhreith sin faoi thairiscint cleachtais (i).

# SCEIDEAL B – Toghcháin

## Ginearálta:

1. Ceapfaidh Feidhmeannas an Aontais Ceann Comhairimh, nach mbeidh ina c(h)omhalta de chomhlacht na mac léinn. Beidh an Ceann Comhairimh freagrach as deachúram na dtoghchán ar feadh bliana.
2. Tionólfar toghchán an Fheidhmeannais sa dara téarma den bhliain acadúil.
3. Déanfar dátaí an uile toghcháin agus cóip de rialacháin an toghcháin a chur ar Chlár Fógraí an Aontais trí sheachtain oibre ar a laghad roimh an toghchán.
4. Beidh an uile chomhalta iomlán den Aontas i dteideal vótála agus/nó dul san iomaíocht ar an uile phost feidhmeannais.
5. Beidh sé de dhualgas ar an uile Oifigeach Lánaimseartha amach, má iarrtar é seo, a bheith ar fáil don uile iomaitheoir, le haghaidh eolais.

## Ainmniúcháin:

6. Caithfidh 40 comhalta iomlán Aontais, dhá Comhalta de Chomhairle an Aontais ina measc, na hiarrthóirí do na poist feidhmeannais a ainmniú. Chomh maith leis an bhfoirm ainmniúcháin a shíniú, caithfidh na hainmnitheoirí a n-ainmneacha agus a n-uimhreacha ID a phriontáil ar an bhfoirm ainmniúcháin.
7. Chomh maith leis an líon riachtanach d'ainmnitheoirí, caithfidh ainm an iarrthóra mar atá sé cláraithe leis an Institiúid, a (h)uimhir ID de chuid na hInstitiúide, a c(h)úrsa agus ainm ghníomhaire/bhainisteoir feachtais an iarrthóra (más ann dó/dí) a bheith ar na páipéir oifigiúla ainmniúcháin fosta.
8. Beidh an toghchán don uile phost ann ceithre lá oibre tar éis deireadh na n-ainmniúcháin.
9. Caithfear foirmeacha ainmniúcháin, sínithe ag na hiarrthóirí, a thabhairt ar ais go dtí an Ceann Comhairimh ar nó roimh 5.00 i.n. ar lá dheireadh na n-ainmniúcháin.
10. Beidh an iomaíocht neamhbhailí má bhíonn an fhoirm oifigiúil ainmniúcháin millte nó má bhíothas ag gabháil de.
11. Is faoin gCeann Comhairimh atá an cinneadh faoi iomaíocht a bheith bailí; is aige/aice a bheidh an cinneadh deireanach.

## **Canbhasáil:**

11. Beifear ag súil leis go ndéileálfaidh gach iomaitheoir le gach iomaitheoir eile le dínit agus le meas, agus go seasfaidh siad le bunrialacha an chothraim.
12. Nuair a bhíonn toghchán ar siúl faoin mbunreacht seo, is faoin gCeann Comhairimh atá sé an méid rialachán agus is cuí a chumadh chun canbhasáil nó gníomhaíochtaí eile de chuid na n-iarrthóirí nó de chuid a ngníomhairí a rialú.
13. Caithfear an uile canbhasáil a dhéanamh ar láithreáin champais. Caithfidh an uile canbhasáil cloí le dlíthe agus le rialacháin na hinstiúide agus an stáit araon.

## **Toghchánaíocht:**

14. Cathaoirligh neamhspleácha a thionólfaidh an uile thoghchánaíocht nó dhíospóireacht oifigiúil phoiblí idir iomaitheoirí nó páirtithe leasmhara.
15. Labharfaidh iomaitheoirí in ord aibítre agus déanfaidh siad coimriú in ord aibítre ón mbun.
16. Beidh an méid céanna ama ag an uile iomaitheoir dá p(h)ríomhóráid, agus gan níos lú ná trian den mhéid ama sin don choimriú.
17. Ní ceadófar pointí eolais. Iomaitheoirí amháin a ardóidh pointí ordaithe - a mbainfidh le láimhseáil na ndíospóireachtaí amháin.
18. Beidh ceisteanna ón urláir faoi réir iniúchadh an Chinn Comhairimh nó an Chathaoirligh.
19. Cloífead le teanga Pharlaiminte i gcónaí le linn na díospóireachtaí toghchánaíochta.

## **Vótáil:**

20. Beidh an córas vótála bunaithe ar ionadaíocht chionmhar leis an aonvóta inaistrithe, mar a oibrítear é faoi Achtanna éagsúla Toghchánacha na hÉireann.
21. Caithfear na vótaí i mboscaí séalaithe ballóide.
22. Ar na bileoga vótála beidh ainm an uile iomathóra in ord aibítre agus an oifig a bhfuiltear san iomaíocht air.

23. Foilseoidh an Ceann Comhairimh láithreá(i)n agus socrúithe an/na stáisiú(i)n vótaíochta, agus déanfaidh sé/sí socrúithe a chuideoidh leis an uile comhalta iomlán den Aontas vótáil roimh Lá na Vótaíochta.
24. Beidh stáisiúin vótaíochta suite sna háiteanna is mó caoithiúlachta do na vótálaithe, agus socróidh an ceann comhairimh na huaireanta oscailte le súil go mbeadh líon na vótálaithe chomh hard agus ba fhéidir.
25. Ní féidir stáisiún vótaíochta ar bith eile a oscailt ach iad san ar champais na hInstitiúide atá údaraithe ag an gCeann Comhairimh.
26. Ní cheadaítear toghchánaíocht nó dáileadh paimfléad ar bith taobh istigh den imlíne dhearg a thimpeallaíonn an/na both(anna) vótaíochta.
27. Caithfidh vótálaithe iad féin a chur in aithint sula ligtear dóibh vótáil.
28. Measfar vóta ar bith a bheith bailí má tá rogha shoiléir léirithe air.
29. Más mian le hiomaitheoir ainm eile a úsáid ar an bpáipéar ballóide seachas an t-ainm atá ar a c(h)lárúchán institiúide, caithfidh sé/sí cead a fháil roimh ré ón gceann comhairimh.

### **Comhaireamh:**

31. Déanfar na vótaí a chomhaireamh tar éis dúnadh na stáisiún vótaíochta ag am agus in áit a shonraíonn an Ceann Comhairimh.
32. Is é ord an chomhairimh nuair atá an vótaíocht iomlán faighte amach ná Uachtarán, Leasuachtarán Oideachais, Leasuachtarán Leasa, Oifigeach Cumarsáide, Oifigeach Siamsaíochta, Oifigeach Tionscadal; fógróidh an Ceann Comhairimh na torthaí oifigiúla tar éis an uile chomhairimh.
33. Tá sé de cheart ag bainisteoirí feachtais/iomaitheoirí athchomhaireamh a chur ar bun nuair atá toradh an chomhairimh fógartha. Má tá bainisteoir feachtais/iomaitheoir as láthair nuair atá toradh an chomhairimh á fhógairt, tig leis/léi fós athchomhaireamh a iarraidh taobh istigh d'uair a chloig i ndiaidh na fógartha. An Ceann Comhairimh amháin a dhéanfaidh an cinneadh maidir le cathain a bheidh an t-athchomhaireamh ann.

### **Casaoidí:**

34. Déanfar cleachtas éillitheach ar bith a smachtú, e.g. iarracht ar vótáil dúbailte, tríd an uile mheán atá ar fáil ag an Aontas.
35. Má tá iomaitheoir/bainisteoir feachtais/gnáthchomhalta den Aontas ar bith a bhfuil cúis aige/aice a chreidiúint go raibh mírialtacht de shaghas ar bith ann maidir leis an tslí a ritheadh na toghcháin, beidh sé de cheart aige/aici agóid

a chuir isteach go dtí an Ceann Comhairimh taobh istigh de lá Institiúide amháin ó tharla an mhirialtacht líomhanta.

### **Fo-thoghcháin:**

36. Seasfaidh na rialacha thuas do fho-thoghcháin fosta ; is féidir fo-thoghcháin do phoist neamhshabóideacha fheidhmeannais a rith trí mheán an Chrinniú Ghinearálta, ámh; is é Feidhmeannas na linne a chinnteoidh go/nach mbain fear úsáid as an meán seo.

### **Comhairle an Aontais:**

- 37 Déanfar Cathaoirleach Chomhairle an Aontais a thoghadh ón urlár ag an gcéad chruinniú comhairle den bhliain; líonfar an post trí chomhaireamh lámh mura n-iarrtar rúnbhallóid.

